C/2024/1444

15.2.2024

FÓGRA EARCAÍOCHTA PE/302/S

STIÚRTHÓIR (Grúpa Feidhme AD, grád 14)

An Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht — An Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus Saoráidí Inbhuanaithe sa Bhruiséil

(C/2024/1444)

1. **Folúntas**

Tá cinneadh déanta ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa tús a chur leis an nós imeachta chun post mar **Stiúrthóir** (AD, grád 14) a líonadh laistigh den Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht – An Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus Saoráidí Inbhuanaithe sa Bhruiséil, i gcomhréir le hAirteagal 29(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh ([1]) (dá ngairtear 'Rialacháin Foirne' anseo feasta).

Seolfar an nós imeachta roghnúcháin seo, a bhfuil sé d'aidhm aige an rogha is leithne d'iarrthóirí a thabhairt don Údarás Ceapacháin, ag an am céanna leis na nósanna imeachta inmheánacha agus idirinstitiúideacha chun poist a líonadh.

Is ar ghrád AD 14 ([2]) a dhéanfar an earcaíocht sin. Is é EUR 16 735,00 in aghaidh na míosa an buntuarastal. I dteannta an bhuntuarastail, atá faoi réir cáin a théann chun sochair an Aontais agus atá díolmhaithe ó cháin náisiúnta, tá liúntais áirithe a d'fhéadfaí a íoc leis an té a cheapfar, de réir mar a leagtar amach sna Rialacháin Foirne.

Cuirtear in iúl do na hiarrthóirí go bhfuil an post seo faoi réir na rialacha maidir leis an mbeartas soghluaisteachta arna nglacadh ag Biúró Pharlaimint na hEorpa an 15 Eanáir 2018.

Éilítear solúbthacht leis an bpost seo agus go ndéanfar teagmháil go rialta le daoine laistigh den Pharlaimint agus lasmuigh di, go háirithe leis na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa. Beidh ar an Stiúrthóir turais ghnó a dhéanamh go minic idir áiteanna oibre na Parlaiminte agus go dtí áiteanna eile lasmuigh díobh.

2. **Ionad Fostaíochta**

An Bhruiséil. D'fhéadfaí an post seo a aistriú go dtí ceann d'ionaid eile oibre Pharlaimint na hEorpa.

3. **Comhionannas Deiseanna**

Is fostóir comhionannais deiseanna í Parlaimint na hEorpa agus caitheann sí le gach iarratas ar bhonn comhionann gan idirdhealú a dhéanamh ar fhorais ar bith amhail inscne, eitneacht, dath, bunadh eitneach nó sóisialta, tréithe géiniteacha, teanga, reiligiún nó creideamh, tuairimí polaitiúla nó aon tuairim eile, a bheith ar dhuine de mhionlach náisiúnta, maoin, breith, míchumas, aois, gnéaschlaonadh, stádas sibhialta nó imthosca an teaghlaigh.

4. **Cúraimí an phoist**

Mar oifigeach sinsearach, beidh an Stiúrthóir freagrach as na dualgais seo a leanas, de réir na dtreoirlínte agus na gcinntí arna leagan síos ag an údarás parlaiminteach agus ag an Ard-Stiúrthóir ([3]):

— dea-fheidhmiú roinne móire den Ardrúnaíocht a áirithiú ina bhfuil aonaid éagsúla a chumhdaíonn réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, i gcomhréir le beartais na hinstitiúide,

— foirne de ghníomhairí a bhainistiú, a mhaoirsiú, a spreagadh agus a chomhordú; an úsáid is fearr a bhaint as acmhainní na roinne agus caighdeán cáilíochta na seirbhíse (eagrú, bainistiú acmhainní daonna agus buiséid, nuálaíocht etc.) a áirithiú sna réimsí gníomhaíochta,

— gníomhaíochtaí na stiúrthóireachta (cuspóirí agus straitéisí a leagan amach) a phleanáil, na cinntí is gá a ghlacadh chun na cuspóirí a bheidh leagtha síos a ghnóthú, measúnú a dhéanamh ar na seirbhísí atá ar fáil chun cáilíocht na seirbhísí sin a ráthú,

([1]) Rialachán (CEE, Euratom, CEGC) Uimh. 259/68 ón gComhairle (IO L 56, 4.3.1968, lch. 1), arna leasú le Rialachán (CE, Euratom) Uimh. 723/2004 (IO L 124, 27.4.2004, lch. 1) agus arna leasú go deireanach le Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 1023/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2013 lena leasaítear Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh (IO L 287, 29.10.2013, lch. 15).

([2]) Earcófar an t-oifigeach sa chéim is iomchuí i gcomhréir le hAirteagal 32 de na Rialacháin Foirne.

([3]) Féach an Iarscríbhinn le haghaidh na bpríomhdhualgas.

— comhairle a chur ar an Ard-Stiúrthóir, ar an Ard-Rúnaí agus ar Fheisirí de Pharlaimint na hEorpa sna réimsí gníomhaíochta,

— comhoibriú leis na stiúrthóireachtaí éagsúla san Ardrúnaíocht, ionadaíocht a dhéanamh ar an institiúid agus conarthaí nó comhaontuithe a chaibidliú ina réimsí gníomhaíochta,

— tionscadail shonracha a bhféadfadh freagrachtaí airgeadais a bheith ag gabháil leo a bhainistiú agus a thabhairt chun críche,

— feidhmeanna oifigigh údaraithe trí fhotharmligean a fheidhmiú.

5. **Incháilitheacht**

Tá an nós imeachta roghnúcháin seo oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann na coinníollacha seo a leanas faoin dáta deiridh chun iarratas a chur isteach:

a) *Coinníollacha ginearálta*

I gcomhréir le hAirteagal 28 de na Rialacháin Foirne, ní mór duit:

— a bheith i do náisiúnach de cheann amháin de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh ([4]),

— do lánchearta mar shaoránach a bheith á dteachtadh agat,

— do dhualgais a bheith comhlíonta agat i ndáil leis na hoibleagáidí seirbhíse míleata is infheidhme de réir dlí,

— na teistiméireachtaí carachtair a bheith agat is iomchuí do na cúraimí atá i gceist a chomhlíonadh.

b) *Coinníollacha sonracha*

i) **Cáilíochtaí a éilítear**

— nuair is é ceithre bliana nó níos mó an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais,

nó

— nuair is é trí bliana ar a laghad an ghnáth-thréimhse do chúrsa léinn san ollscoil, leibhéal oideachais is comhionann le cúrsa iomlán ollscoile agus céim bainte amach ag a dheireadh, ar céim í a aithnítear go hoifigiúil i gceann amháin de Bhallstáit an Aontais, mar aon le taithí ghairmiúil iomchuí d'aon bhliain amháin ar a laghad ([5]) nuair is é trí bliana ar a laghad gnáthréimse an staidéir sin.

Maidir leis na céimeanna, cibé an i mBallstát nó i dtír eile a bhronntar iad, ní mór iad a bheith aitheanta ag comhlacht oifigiúil Ballstáit den Aontas Eorpach, amhail Aireacht Oideachais Ballstáit den Aontas Eorpach.

Na hiarrthóirí a bhfuil céimeanna acu a bhronn Ballstát nach Ballstát den Aontas Eorpach é ([6]), ní mór dóibh coibhéis Eorpach a gcuid céimeanna a cheangal lena n-iarratas. Le haghaidh tuilleadh faisnéise maidir le haitheantas do cháilíochtaí a fuarthas i dtríú tír faoi chuimsiú líonraí ENIC-NARIC, téigh chuig an suíomh https://www.enic-naric.net/.

ii) **An taithí ghairmiúil atá riachtanach**

Taithí ghairmiúil a bheith bainte amach tar éis na cáilíochtaí dá dtagraítear thuas a bhaint amach:

— **dhá bhliain déag**, agus cuid di ar a laghad déanta i réimsí freagrachta na Stiúrthóireachta, agus lena gcuimsítear an méid seo a leanas:

— **sé bliana** ar a laghad i dtimpeallacht Eorpach agus/nó idirnáisiúnta, agus

— **sé bliana** ar a laghad ar leibhéal bainistíochta i roinn mhór.

([4]) Seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh: An Bheilg, an Bhulgáir, an Chipir, an Chróit, an Danmhairg, an Eastóin, Éire, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Iodáil, an Iseiltír, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ostair, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSeicia, an tSlóivéin, an tSlóvaic, an Spáinn, an tSualainn, an Ungáir.

([5]) Ní chuirfear an bhliain sin de thaithí san áireamh agus measúnú á dhéanamh ar an taithí ghairmiúil a éilítear sa chéad fhleasc eile den mhír seo.

([6]) Glactar le cáilíochtaí/dioplómaí de chuid na Breataine a fuarthas go dtí an 31.12.2020 gan tuilleadh aitheantais. I gcás céimeanna a fuarthas tar éis an dáta sin, tá aitheantas NARIC ag teastáil. Go praiticiúil, ciallaíonn sé sin, i gcás céimeanna de chuid na Breataine agus a eisíodh ón 1 Eanáir 2021, nach mór doiciméad coibhéiseach, a d'eisigh Ballstát reatha de chuid an Aontais Eorpaigh, a bheith ag gabháil leo.

iii) **Eolas ar theangacha**

Ní mór sáreolas a bheith ag na hiarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh ([7]), agus eolas sásúil a bheith acu ar cheann amháin eile ar a laghad de na teangacha sin.

Tabharfaidh an Coiste Comhairleach aird ar eolas ar theangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

6. **Trialacha**

Chun cabhrú leis an Údarás Ceapacháin a rogha a dhéanamh, déanfaidh an Coiste Comhairleach um Oifigigh Shinsearacha a Cheapadh liosta iarrthóirí a dhréachtú agus molfaidh sé do Bhiúró Pharlaimint na hEorpa cé hiad na daoine a nglaofar orthu chun agallaimh. Glacfaidh an Biúró an liosta, agus seolfaidh an Coiste na hagallaimh agus cuirfidh sé a thuarascáil chríochnaitheach faoi bhráid an Bhiúró le haghaidh cinneadh. Ag an gcéim sin, féadfaidh an Biúró na hiarrthóirí a chur faoi agallamh.

Beidh na hagallaimh bunaithe ar an gcur síos ar chúraimí an phoist, mar a shonraítear faoi phointe 4 den fhógra seo iad, agus ar na hinniúlachtaí seo a leanas:

— bua na straitéise,

— cumas bainistíochta,

— cumas pleanála chun cinn,

— cumas freagairt d'athruithe,

— críochnúlacht,

— cumas cumarsáide.

7. **Iarratais a chur isteach**

Is é an dáta deiridh chun iarratas a chur isteach ná

Déardaoin, an 29 Feabhra 2024, ar 12:00 (meán lae), am na Bruiséile.

Iarrtar ar na hiarrthóirí litir inspreagtha, i bhformáid pdf agus í dírithe chuig *Monsieur le Secrétaire général du Parlement européen, avis de recrutement numéro PE/302/S*, mar aon le *curriculum vitae* i bhformáid Europass ([8]), a sheoladh trí ríomhphost, agus ar an modh sin amháin, agus tagairt don fhógra seo (PE/302/S) i líne an ábhair, chuig an seoladh ríomhphoist seo a leanas:

PERS-EPSeniorManagement@ep.europa.eu

agus is é dáta agus am seolta an ríomhphoist a bheidh mar fhianú air.

Is faoi na hiarrthóirí a bheidh sé a dheimhniú go mbeidh gach doiciméad scanta inléite.

Ní mór do na hiarrthóirí a gheobhaidh glao chun agallaimh, faoi dháta an agallaimh, na doiciméid tacaíochta a bhaineann lena staidéir, lena dtaithí ghairmiúil agus lena bhfreagrachtaí reatha a thabhairt ar aird, agus na doiciméid sin a bheith i bhfoirm cóipeanna nó fótachóipeanna amháin ([9]). Ní thabharfar na doiciméid sin ar ais do na hiarrthóirí.

Déanfar na sonraí pearsanta a chuirfidh na hiarrthóirí in iúl faoin nós imeachta roghnúcháin seo a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([10]), go sonrach a mhéid a bhaineann le rúndacht agus slándáil na sonraí sin.

([7]) Is iad teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla, an Bhulgáiris, an Chróitis, an Danmhairgis, an Eastóinis, an Fhionlainnis, an Fhraincis, an Ghaeilge, an Ghearmáinis, an Ghréigis, an Iodáilis, an Laitvis, an Liotuáinis, an Mháltais, an Ollainnis, an Pholainnis, an Phortaingéilis, an Rómáinis, an tSeicis, an tSlóivéinis, an tSlóvaicis, an Spáinnis, an tSualainnis agus an Ungáiris.

([8]) https://europa.eu/europass/

([9]) Ní bhaineann sé seo le hiarrthóirí atá ag obair do Pharlaimint na hEorpa ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais. Is faoi na hiarrthóirí atá sé a áirithiú go mbeidh an comhad iomlán againn a chomhfhreagraíonn dá n-iarratas ag seirbhísí na Parlaiminte (i gcás doiciméid ábhartha gan bheith ar fáil ar an tairseach HRM (Streamline).

([10]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39).

IARSCRÍBHINN

An Ard-Stiúrthóireacht um Bonneagar agus um Lóistíocht – An Stiúrthóireacht um Fhoirgnimh agus Saoráidí Inbhuanaithe sa Bhruiséil

Príomhchúraimí

(Eintiteas atá comhdhéanta de 105 ghníomhaire)

30.1.2024

— Bainistiú comhtháite saoráidí ar áitribh na Parlaiminte agus gníomhaíochtaí cothabhála sa Bhruiséil a áirithiú. An Straitéis um Bainistiú Comhtháite Saoráidí de chuid Pharlaimint na hEorpa a chur chun feidhme, ar straitéis í a ghlac an Biúró ag a chruinniú an 8 Márta 2021;

— I réimse na bainistíochta saoráidí, cabhrú le cliaint de gach cineál a gcuspóirí sonracha a bhaint amach de mheon an dea-chomhair; comhar laistigh de na hArd-Stiúrthóireachtaí, idir na hArd-Stiúrthóireachtaí agus idirinstitiúideach a chur chun cinn i ngach réimse a bhaineann le bainistiú foirgneamh agus saoráidí;

— Leanúint de chur chun feidhme an bheartais maidir le foirgnimh a oiriúnú le go mbeidh rochtain ag cách orthu agus ceanglais bheartas comhshaoil na Parlaiminte a leanúint. Bearta a chur chun feidhme chun tomhaltas fuinnimh na Parlaiminte a laghdú tuilleadh agus chun an Pharlaimint a dhéanamh neodrach ó thaobh carbóin de;

— Bainistiú a dhéanamh ar fhoirgnimh atá ag teastáil le haghaidh fheidhmiú cuí na Parlaiminte sa Bhruiséil agus comhtháthú gairmiúil ar aon fhoirgneamh nua a thagann isteach i bpunann foirgneamh na Parlaiminte a áirithiú;

— A áirithiú go ndéanfaidh foireann uile na Stiúrthóireachta bearta oiliúna ar bhonn leanúnach i réimse na forbartha scileanna ginearálta agus ina réimse saineolais féin araon;

— A áirithiú go ndéanfaidh na haonaid uile buiséad na Stiúrthóireachta a chur chun feidhme i gceart agus go cuí chun úsáid éifeachtúil a bhaint as a hacmhainní airgeadais i gcomhréir leis na rialacha uile atá i bhfeidhm maidir leis na cineálacha éagsúla nósanna imeachta agus conarthaí;

— Leanúnachas ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a ráthú trí athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh, trí shuiteálacha teicniúla agus sábháilteachta a uasghrádú agus trí áitribh na Parlaiminte sa Bhruiséil a oiriúnú d'fhoirgnimh atá níos nua-aimseartha agus níos freagraí ó thaobh an chomhshaoil de;

— Na hoibreacha agus na hoiriúnuithe teicniúla is gá arna leagan síos leis na ceadanna comhshaoil, iniúchtaí comhshaoil agus cur chun feidhme beart coigilte fuinnimh agus uisce a chur i gcrích, i ndlúthchomhar leis an Tascfhórsa um Máistirphlean agus Coigilteas Fuinnimh;

— A áirithiú go ndéanfar obair leantach ar iniúchtaí measúnaithe ar aosú foirgneamh sa Bhruiséil (EPIQR) agus comhordú leis an 2 láithreán eile, le haghaidh cur chuige comhchoiteann chun uasghrádú ilbhliantúil a dhéanamh ar áitribh na Parlaiminte.

AONAD BAINISTÍOCHTA SAORÁIDÍ NA BRUISÉILE

— Bainistiú comhtháite saoráidí ar áitribh na Parlaiminte sa Bhruiséil a áirithiú trí chur chun feidhme na Straitéise um Bainistiú Comhtháite Saoráidí a ghlac an Biúró ag a chruinniú an 8 Márta 2021;

— Leanúint de bhearta sonracha a fhorbairt agus a chur chun feidhme i réimse bhainistiú na bhfoirgneamh chun coigilteas fuinnimh agus éifeachtúlacht fuinnimh a mhéadú (faoi chuimsiú thimthriallta PLAGE, mar a thugtar orthu). Rannchuidiú le máistirphlean comhshaoil AS INLO le haghaidh athchóiriú shuíomh PE sa Bhruiséil;

— Sonraíochtaí teicniúla a ullmhú agus conarthaí nua a chur chun feidhme agus cuir chuige nuálacha agus níos solúbtha á nglacadh ag an am céanna, agus aird ar leith á tabhairt ar fhreagrachtaí sóisialta na gconraitheoirí i leith a bhfostaithe;

— Uirlisí a fhorbairt agus a chur chun feidhme chun a áirithiú go gcomhlíonann aon fhoirgneamh nua (nó foirgneamh nua-athchóirithe) riachtanais an tionscadail agus go ndéantar éifeachtúlacht a uasmhéadú. Raon feidhme na cothabhála coinníollaí a leathnú agus meaisínfhoghlaim agus uirlisí bunaithe ar IS a thástáil;

— Aistriú rianúil chuig téarma reachtach nua a áirithiú trí thacaíocht bhreise a chur ar fáil le linn na tréimhse toghcháin agus ar theacht na bhFeisirí nua;

— Gach beart a mhionsaothrú agus a chur chun feidhme lena ndéantar meaitseáil níos fearr idir riachtanais na gcliant agus na seirbhísí a thairgtear agus/nó lena ndéantar éifeachtacht na soláthraithe seirbhíse a mhéadú (athbhreithniú ar KPI, foireann CLiQC a neartú tuilleadh). Leanúint de Dheasc Chabhrach na bhFoirgneamh a athrú ó bhonn ionas go mbeidh sí ina seirbhís níos réamhghníomhaí agus ticéadú díreach a chur i bhfeidhm;

— Uirlis um pleanáil oibreacha agus imeachtaí a fhorbairt agus a mhéadú a thuilleadh agus é mar aidhm cumarsáid agus comhar idir na hArd-Stiúrthóireachtaí a fheabhsú. Togra nithiúil a ullmhú maidir le lasadh *façade* na bhfoirgneamh i gcomhair imeachtaí;

— Feabhas a chur ar eagrúchán agus ar nósanna imeachta a bhaineann le feidhmiú an aonaid, agus go háirithe leanúint d'fheidhm na mBainisteoirí Foirgníochta ainmnithe a chur chun feidhme;

— Saineolas teicniúil a chur ar fáil agus réitigh chostéifeachtúla agus phragmatacha a mholadh do na húdaráis riaracháin agus pholaitiúla; oibriú le hArd-Stiúrthóireachtaí eile chun freastal ar riachtanais a bhaineann le bonneagar.

An tAONAD UM CHOTHABHÁIL SA BHRUISÉIL

— Leanúnachas ghníomhaíochtaí na hInstitiúide a ráthú trí athchóiriú a dhéanamh ar na foirgnimh, a suiteálacha teicniúla agus sábháilteachta a uasghrádú agus foirgnimh na Parlaiminte sa Bhruiséil a nuachóiriú ó thaobh an chomhshaoil de;

— Staidéar a dhéanamh ar na hoibreacha riachtanacha a áirítear sa phlean bainistithe fuinnimh áitiúil (PLAGE) don Bhruiséil agus iad sin a bhaineann le spriocanna EMAS agus iad a chur i gcrích, i ndlúthchomhar leis an dá Aonad eile sa Stiúrthóireacht;

— Na hoibreacha agus na hoiriúnuithe teicniúla is gá arna leagan síos leis na ceadanna comhshaoil, iniúchtaí comhshaoil agus cur chun feidhme beart coigilte fuinnimh agus uisce a chur i gcrích, i ndlúthchomhar leis an Tascfhórsa um Máistirphlean agus Coigiltis Fuinnimh de chuid AS INLO;

— Na tionscadail a sainaithníodh i gcomhthéacs an Ghrúpa Sábháilteachta Uisce a chur chun feidhme chun ardchaighdeáin cháilíochta uisce a ráthú agus chun riosca *legionella* a choinneáil faoi smacht;

— Réitigh a chur chun feidhme, ar bhonn plean ilbhliantúil agus de réir na n-iniúchtaí inrochtaineachta, i réimse na hinrochtaineachta ar gach foirgneamh i ngach foirgneamh ('dearadh le haghaidh dínite');

— Leanúint den chóras láraithe bainistithe foirgneamh (BMS) a nuachóiriú, mar obair leantach ar phlean ilbhliantúil ar cuireadh tús leis in 2018, go háirithe foirgnimh BRANDT, ANTALL, MARTENS, Áras Stair na hEorpa agus tús a chur le hoifigí na bhFeisirí i bhfoirgneamh SPINELLI;

— Leanúint de nuachóiriú a dhéanamh ar an mbrath agus cosaint dóiteáin, i bhfianaise an phlean ilbhliantúil ar cuireadh tús leis in 2018, go háirithe foirgnimh: Treves I agus ARENDT;

— An chéad chéim de chóras aimsithe bealaí nua i bhfoirgneamh SPINELLI a chur chun feidhme, lena n-áirítear na páirceanna páirceála agus na comharthaí sábháilteachta dóiteáin;

— Na hoifigí do na Feisirí nua a athchóiriú agus a thabhairt ar láimh lena n-áireamh sa chéad téarma reachtach eile i bhfoirgneamh SPINELLI. Na hoibreacha is gá a dhéanamh agus a chur i gcrích chun an 'Sráidbhaile Fáilte' a chur chun feidhme do na chéad toghcháin eile in 2024;

— A áirithiú go ndéanfar obair leantach ar na hiniúchtaí measúnaithe maidir le haosú foirgneamh sa Bhruiséil (EPIQR) agus go ndéanfar comhordú leis an dá láithreán eile, le haghaidh cur chuige comhchoiteann d'uasghrádú ilbhliantúil ar ár n-áitreabh.

An tAONAD UM UASGHRÁDÚ COMHSHAOIL AGUS INBHUANAITHE SA BHRUISÉIL

— Páirt a ghlacadh i gcur chun feidhme bheartas comhshaoil agus éifeachtúlachta fuinnimh na Parlaiminte trí phleanáil, clárú agus tabhairt faoi uasghrádú comhshaoil agus inbhuanaithe phunann na bhfoirgneamh sa Bhruiséil i gcomhréir leis an reachtaíocht Eorpach maidir le héifeachtúlacht fuinnimh foirgneamh (sa Bhruiséil, rialachán PLAGE mar a thugtar air) sna blianta amach romhainn ('oiriúnach do-55');

— Dearadh agus cur chun feidhme tionscadal athchóirithe agus tógála a bharrfheabhsú, ag díriú ar éifeachtúlacht fuinnimh, ar inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus pleanáil á déanamh chun dálaí oibre a fheabhsú agus feabhas a chur ar na feidhmeanna is gá chun obair éifeachtúil riaracháin agus pharlaiminteach a dhéanamh, i gcomhréir le cinntí na n-údarás polaitiúil;

— Leanúint go dícheallach d'fhorbairt agus do chur chun feidhme tionscadal comhshaoil a leagtar amach i bplean gníomhaíochta EMAS faoi shainchúram na Stiúrthóireachta, ag áirithiú go gcomhlíonfar go docht caighdeáin agus ceanglais bheartas comhshaoil na Parlaiminte;

— Tionscadail tógála atá éifeachtúil, uaillmhianach agus inrochtana ó thaobh an chomhshaoil de a chruthú agus a chur i gcrích lena gcuirfear feabhas ar dhálaí oibre agus lena gcuirfear ar chumas na n-úsáideoirí uile rannchuidiú go gníomhach le ról Pharlaimint na hEorpa;

— Na hoibreacha agus na hoiriúnuithe teicniúla is gá a chur i gcrích tar éis na n-iniúchtaí comhshaoil a bheidh ann amach anseo (dícheall cuí) agus bearta coigiltis fuinnimh a chur chun feidhme, i ndlúthchomhar leis na hAonaid um Bainistiú agus Cothabháil Saoráidí sa Bhruiséil;

— Sonraíochtaí teicniúla a ullmhú, agus conarthaí nua a chur chun feidhme. Cineálacha cur chuige nua agus nuálacha a ghlacadh sna nósanna imeachta sin;

— Na modhanna oibre san aonad nua a bharrfheabhsú ionas go mbeidh sé in ann a chuspóirí a bhaint amach maidir le húsáid chliste uirlisí agus líonraí TF a fhorbairt, comhoibriú leis na suíomhanna eile maidir le forbairtí den sórt sin chun cur chuige comhchuibhithe agus comhroinnt dea-chleachtas a áirithiú;

— Gníomhaíochtaí a dhéanamh chun tús a chur le tionscadal athchóirithe SPAAK mar shamhail do gach athchóiriú comhshaoil agus inbhuanaithe eile ar fhoirgnimh na Parlaiminte sa Bhruiséil;

— Athchóiriú SPAAK a dhéanamh mar an chéad cheann de thionscadail athchóirithe comhshaoil na Parlaiminte sa Bhruiséil, i gcomhréir leis na cinntí a ghlac an Biúró ag a chruinnithe an 12 Meitheamh 2023 agus an 11 Nollaig 2023, agus an buiséad agus an phleanáil a comhaontaíodh á gcoimeád ag an am céanna.